Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0206(COD)**

**6980/2/21**
**REV 2 ADD 1**

**FSTR 25**
**SOC 143**
**SAN 140**
**CADREFIN 131**
**CODEC 367**
**PARLNAT 123**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 27 Bealtaine 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 30 Bealtaine 2018, chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (Rialachán CSE+)[1], atá mar chuid de phacáiste reachtach an Bheartais Comhtháthaithe do 2021-2027. Is é an cuspóir beartais ginearálta atá ag an Rialachán maidir le CSE+ 'Eoraip Shóisialta' níos tuillmhí agus níos athléimní a chothú agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, agus tosaíochtaí sóisialta agus fostaíochta arna bhformhuiniú faoin bpróiseas rialachas eacnamaíoch Eorpach. An 28 Bealtaine 2020, ag eascairt as ráig COVID-19 agus mar chuid de Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 athbhreithnithe agus den Phacáiste Téarnaimh, mhol an Coimisiún leasuithe éagsúla ar phacáiste reachtach Bheartas Comhtháthaithe 2021-2027, lena n-áirítear leasuithe ar Rialachán CSE+[2].

2. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra tosaigh an 17 Deireadh Fómhair 2018[3] agus a thuairim maidir leis an togra leasaithe an 18 Meán Fómhair 2020[4].

3. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra tosaigh an 5 Nollaig 2018[5] agus a thuairim maidir leis an togra leasaithe an 14 Deireadh Fómhair 2020[6].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir le Rialachán CSE+ ar an gcéad léamh ag an suí iomlánach a bhí aici an 4 Aibreán 2019.

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Bearta Struchtúracha an Rialachán CSE+ atá beartaithe i roinnt cruinnithe faoi Uachtaránacht na Bulgáire, na hOstaire, na Rómáine, na Fionlainne, na Cróite, na Gearmáine agus na Portaingéile.

[1] 9573/18 + ADD 2.
[2] 8394/20.
[3] IO C 62, 15.2.2019, lch. 165.
[4] IO C 429, 11.12.2020, lch. 245.
[5] IO C 86, 7.3.2019, lch. 84.
[6] IO C 440, 18.12.2020, lch. 191.

6. An 3 Aibreán 2019, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an sainordú caibidlíochta páirteach tosaigh[7]. An 22 Iúil 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach eile le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa a mhéid a bhaineann leis an togra leasaithe ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán CSE+[8]. Chomh maith leis sin, an 5 Deireadh Fómhair 2020, thug Coiste na mBuanionadaithe an sainordú páirteach don chaibidlíocht cothrom le dáta[9] chun na Conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-27 agus an Pacáiste Téarnamh a glacadh ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach an 17, 18, 19, 20 agus an 21 Iúil 2020 a chur san áireamh.

7. Ar bhonn na sainorduithe sin, chuaigh Uachtaránacht na Fionlainne, na Cróite, na Gearmáine agus na Portaingéile i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach a tugadh i gcrích i mí Feabhra 2021.

8. An 4 Márta 2021, d'fhormheas Coiste Pharlaimint na hEorpa um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (EMPL) toradh na caibidlíochta idirinstitiúidí. An 5 Márta 2021, chuir Cathaoirleach Choiste EMPL litir chuig Uachtaránacht na Comhairle ina léiríodh go molfadh sé don Suí Iomlánach go nglacfaí leis an seasamh ón gComhairle gan leasuithe, faoi réir fíorú dlí agus teanga, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

9. Agus an comhaontú thuas á chur san áireamh aici agus tar éis an athbhreithnithe dlí agus teanga, ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi ar an gcéad léamh an 27 Bealtaine 2021, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 CFAE.

## II. CUSPÓIR (AIRTEAGAIL 3 AGUS 4)

10. I gcomhréir le hAirteagail 149, 153, 164 agus 175 CFAE agus Airteagail eile nach iad, tá sé d'aidhm ag CSE+ tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin ardleibhéil fostaíochta agus cosaint shóisialta chothrom a bhaint amach agus lucht saothair oilte athléimneach a bheith acu, chomh maith le sochaithe cuimsitheacha, comhtháite arb é is aidhm dóibh díothú na bochtaineachta agus gnóthú na bprionsabal a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ag an am céanna, tacóidh CSE+ le beartais reatha na mBallstát sna réimsí réamhráite, comhlánóidh sé iad agus cuirfidh sé breisluach leo.

[7] 7982/19.
[8] 9431/20.
[9] 10881/20.

11. Déanfar na cuspóirí sonracha a leanas a chothú le CSE+:

(a) an fhostaíocht agus bearta gníomhachtúcháin a dhéanamh níos inrochtana do gach cuardaitheoir poist;

(b) institiúidí agus seirbhísí an mhargaidh saothair a nuachóiriú chun riachtanais scileanna a mheasúnú agus chun na riachtanais sin a thuar;

(c) rannpháirtíocht sa mhargadh saothair atá cothrom ó thaobh inscne de, dálaí oibre comhionanna, agus cothromaíocht oibre is saoil níos fearr a chur chun cinn;

(d) oiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraithe d'athrú mar aon le haosú gníomhach folláin a chur chun cinn;

(e) feabhas a chur ar chórais oideachais agus oiliúna ó thaobh cáilíochta, cuimsitheachta, éifeachtachta agus ábharthachta don mhargadh saothair;

(f) rochtain chomhionann ar oideachas agus ar oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach a chur chun cinn, go háirithe do ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste, agus go gcríochnódh daoine an t-oideachas agus an oiliúint sin;

(g) an fhoghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn;

(h) cuimsiú gníomhach a chothú d'fhonn comhionannas deiseanna, neamh-idirdhealú agus rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn;

(i) lánpháirtiú socheacnamaíoch náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear imircigh, a chur chun cinn;

(j) lánpháirtiú socheacnamaíoch pobal imeallaithe a chur chun cinn;

(k) feabhas a chur ar rochtain chomhionann thráthúil ar sheirbhísí ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne; na córais chosanta sóisialta a nuachóiriú; feabhas a chur ar inrochtaineacht, ar éifeachtacht agus ar athléimneacht córas sláinte agus seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh;

(l) lánpháirtiú sóisialta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a chur chun cinn;

(m) dul i ngleic leis an díth ábhartha trí chúnamh bia nó ábhartha a thabhairt do na daoine is díothaí.

Ina theannta sin, chomh maith leis na cuspóirí sonrach thuasluaite, cuirfidh an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte leis na cuspóirí beartais atá cumhdaithe in Airteagal 5 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna.

12. I gcás ina bhfuil géarghá leis agus mar bheart sealadach chun freagairt ar imthosca eisceachtúla nó neamhghnácha, féadfaidh CSE+ tacú le scéimeanna oibre gearr-ama a mhaoiniú (gan an ceanglas go ndéanfaí iad a chomhcheangal le bearta gníomhacha) chomh maith le rochtain ar chúram sláinte lena n-áirítear do dhaoine nach mbaineann íogaireacht shocheacnamaíoch láithreach leo.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

### (a) Cur chun feidhme faoi bhainistíocht chomhroinnte (Airteagail 7 go 24)

13. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá cothromaíocht mhaith idir cuspóirí sonracha éagsúla atá le saothrú ag CSE+, lena léirítear na príomhdhúshláin shóisialta atá os comhair na hEorpa faoi láthair i gcomhthéacs Cholún Eorpach na gCeart, agus ceanglais maidir le díriú téamach lena gcinntear an tacaíocht is gá do phríomhréimsí arna sainaithint ag na comhreachtóirí (bochtaineacht leanaí, cuimsiú sóisialta, dífhostaíocht i measc na hóige, tacaíocht do na daoine is díothaí agus fothú acmhainneachta na gcomhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta).

14. Sa chomhthéacs sin, leis an gcomhaontú ar thángthas air maidir le díriú téamach acmhainní CSE+ (Airteagal 7 agus Airteagal 9 go páirteach), déantar foráil don mhéid seo a leanas:

- Déanfaidh na Ballstáit ar a laghad 25 % dá n-acmhainní náisiúnta as an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh ar thacaíocht d’infhostaitheacht daoine óga;
- Déanfaidh na Ballstáit sin ag a raibh an meánráta leanaí faoi bhun 18 mbliana a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna (ar bhonn shonraí Eurostat), 5 % ar a laghad dá n-acmhainní as an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin;
- Na Ballstáit ag a raibh meánráta daoine óga idir 15 agus 29 mbliana d’aois nach raibh i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúna don tréimhse idir 2017 agus 2019 os cionn mheán an Aontais don tréimhse chéanna (ar bhonn shonraí Eurostat), déanfaidh siad 12.5 % ar a laghad dá n-acmhainní as an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh ar na gníomhaíochtaí sin;

– Déanfaidh na Ballstáit 3 % ar a laghad dá n-acmhainní náisiúnta as an tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar na cineálacha bochtaineachta is mó a dtagann eisiamh sóisialta díobh, amhail easpa dídine, bochtaineacht leanaí agus díth bia;

– I ngach clár leithdháilfidh na Ballstáit méid iomchuí d'acmhainní as an tsraith CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte ar fhorbairt cumais na bpáirtithe sóisialta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil moladh tírshonrach acu maidir leis an réimse sin ar a laghad 0.25 % dá n-acmhainní CSE+a leithdháileadh chun na críche sin.

15. I gcomhthéacs ina bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht an róil atá ag an nuálaíocht agus ag an gcomhar trasnáisiúnta sa réimse sóisialta, tacóidh na Ballstáit freisin le gníomhaíochtaí nuálaíochta sóisialta agus le tástálacha sóisialta, lena neartófar cuir chuige a fheidhmíonn ón mbonn aníos agus atá bunaithe ar chomhpháirtíochtaí (Airteagal 14), agus beidh an deis acu freisin tacú le gníomhaíochtaí comhair trasnáisiúnta agus iad a chur chun cinn faoi aon cheann de chuspóirí sonracha CSE+ (Airteagal 15).

16. Ag an am céanna, cuirtear in iúl go soiléir sa tsraith de CSE+ atá faoi bhainistíocht chomhroinnte an cineál tacaíochta atá neamh-incháilithe (Airteagal 16). Ní féidir tacú le ceannach talún agus réadmhaoine ná le ceannach bonneagair. Ina theannta sin, is nithe neamh-incháilithe iad ceannach troscáin, trealaimh, agus feithiclí (ach amháin i gcás ina bhfuil an ceannach riachtanach chun cuspóir na hoibríochta a bhaint amach, nó i gcás ina bhfuil na nithe sin go hiomlán dímheasta, nó i gcás inarb é ceannach na nithe sin an rogha is cost-éifeachtúla).

17. Cúnamh ábhartha ó CCEDD a bhí ann roimhe seo, agus sin amháin, is ábhar do Chaibidil III (Airteagail 18 go 24), agus cumhdaítear ann na prionsabail tacaíochta, na rialacha maidir le tuairisciú, incháilitheacht, na táscairí agus ar iniúchóireacht maidir leis na bearta faoi CSE+ lena dtugtar aghaidh ar an díth ábhartha. Leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh coinnítear struchtúr na Caibidle seo ón togra ón gCoimisiún, coimeádtar cur chuige aonair agus ní fhorchuirtear rialacha níos déine (e.g. rialacha maidir le sonraí táscairí a thuairisciú, agus maidir leis an rian iniúchta) i gcás na n-oibríochtaí sin, ag a bhfuil tairseacha rannpháirtíochta níos ísle agus lena mbaineann ualach riaracháin níos ísle dá réir.

**(b) Cur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach (Airteagail 25 go 36)**

18. Áirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh maidir leis an tsraith Fostaíocht agus an Nuálaíocht Shóisialta (sraith EaSI) forálacha maidir le cuspóirí oibríochtúla, gníomhaíochtaí incháilithe agus eintitis incháilithe, tríú tíortha comhlachaithe, foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais, chomh maith le saincheisteanna cur chun feidhme eile (e.g. clár oibre, faireachán agus tuairisciú, meastóireacht, iniúchóireachtaí, faisnéis agus cumarsáid agus poiblíocht).

19. Bainfidh na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas le EaSI (Airteagal 25):

(a) eolas ardcháilíochta comparáideach anailíseach a fhorbairt;

(b) éascaíocht a dhéanamh do chomhroinnt faisnéise, d'fhoghlaim fhrithpháirteach, d'athbhreithnithe piaraí agus d'idirphlé éifeachtach agus cuimsitheach i leith beartais ábhartha;

(c) tacú le tástálacha sóisialta agus neartú a dhéanamh ar chumas na ngeallsealbhóirí;

(d) soghluaisteacht gheografach dheonach oibrithe a mhéadú agus deiseanna fostaíochta a mhéadú;

(e) tacú le forbairt an éiceachórais margaidh lena soláthraítear micreamhaoniú do mhicrifhiontair atá i gcéim an tionscnaimh agus i gcéim na forbartha;

(f) tacú le líonrú ar leibhéal an Aontais agus le hidirphlé le geallsealbhóirí ábhartha agus i measc na ngeallsealbhóirí sin agus rannchuidiú le cumas institiúideach na ngeallsealbhóirí sin a fhorbairt;

(g) tacú le forbairt fiontar sóisialta agus le teacht chun cinn margaidh infheistíochta sóisialta;

(h) treoraíocht a thabhairt faoi fhorbairt bonneagair shóisialta is gá chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme;

(i) tacú le comhar trasnáisiúnta chun dlús a chur le haistriú réiteach nuálach, agus chun gur fusa scála na réiteach sin a mhéadú; agus

(j) tacú le cur chun feidhme caighdeán ábhartha idirnáisiúnta sóisialta agus saothair.

20. Féadfar tacú leis na gníomhaíochtaí seo a leanas leis an tsraith EaSI (Airteagal 26):

(a) gníomhaíochtaí anailíseacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a bhaineann le tríú tíortha;

(b) beartais a chur chun feidhme;

(c) fothú acmhainneachta;

(d) gníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe;

**(c) Forálacha Sonracha (Airteagail 37 go 42)**

21. Cé is moite d'fhorálacha caighdeánacha i ngníomhartha reachtacha eile amhail na gníomhartha sin a bhaineann leis an tarmligean a fheidhmiú agus nósanna imeachta coiste (sa chás seo maidir le CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte), ráthaítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, faoi Airteagal 39, rannpháirtíocht an Choiste arna bhunú faoi Airteagal 163 CFAE, a fhéadfaidh tuairimí a thabhairt maidir le hábhair ábhartha CSE+ agus a chuirfidh meithleacha ar bun do gach sraith de CSE+.

22. Chun leanúnachas a áirithiú i ndáil le tacaíocht a sholáthar sa réimse beartais ábhartha agus chun go bhféadfar cur chun feidhme amhail ó thús chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, tá an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, faoi Airteagal 42, den tuairim gur iomchuí an Rialachán a chur i bhfeidhm le héifeacht chúlghabhálach i ndáil leis an tsraith EaSI, ón 1 Eanáir 2021.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

23. Léirítear leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach sa chaibidlíocht idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa le tacaíocht ón gCoimisiún.

24. Creideann an Chomhairle gurb ionann a seasamh ar an gcéad léamh agus téacs cothrom a chomhlíonann cuspóirí uile Rialachán CSE+.